# An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail

# Bullaitín

**R4 2019**

Taighde arna dhéanamh ag amárach research

**Cuirtear i láthair sa bhullaitín seo na príomhthorthaí ón gceathrú ráithe de Shuirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail a rinneadh idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2019. Cé go ndéantar suirbhé agus tuairisciú ar dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois i dtuarascáil bhliantúil an tSuirbhé ar Dhearadh an Phobail, tá méid an tsampla don ghrúpa seo ró-bheag le tuairisciú air ar bhonn ráithiúil.**

## CLÁR ABHAR


2 Tuairimí faoin gcoireachta
2 Íospairt
3 Eagla agus buairt faoin gcoireacht
3 Infheictheacht an Gharda Síochána
4 Sástacht leis an nGarda Síochána
5 Iontaoibh as an nGarda Síochána
5 An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine
6 Tuairimí faoi Eagraíocht an Gharda Síochána
6 Conclúid



Iarrfadh ar fhreagróirí an tSuirbhé faoina dtuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil; cibé acu an raibh siad ina n-íospartaigh den choireacht le bliain anuas agus, má bhí, cibé acu ar thug nó nár thug siad an choir le fios do na Gardaí. Rinneadh leibhéil sásaimh leis an mbealach a láimhseáladh a gcás a fhiosrú, chomh maith. Fiafraíodh d'fhreagróirí faoin leibhéal eagla agus buartha a bhí orthu faoin gcoireacht agus faoin íospairt, agus cibé acu an imríonn nó nach n-imríonn seo tionchar ar a gcaighdeán beatha. Bailíodh a ndearcthaí maidir leis na saghsanna coireanna ar cheart do Ghardaí tús áite a thabhairt dóibh, chomh maith le dearcthaí faoi infheictheacht agus láithreacht an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla. Scrúdaíodh leibhéil sásaimh leis an nGarda Síochána agus an méid iontaoibhe a bhí ag daoine as na Gardaí, chomh maith, agus scrúdaíodh tuairimí faoin mbealach a chaith na Gardaí le daoine, caidreamh pobail an Gharda Síochána agus dearcthaí i dtaobh éifeachtacht agus chumas an Gharda Síochána, chomh maith.


Beartaítear an suirbhé a reáchtáil ar bhonn leanúnach (tá suirbhé leanúnach á dhéanamh aige ar an daonra) agus rinneadh suirbhé ar 1,500 duine gach ráithe. Bailíodh sonraí trí agallaimh aghaidh ar aghaidh sa bhaile a dhéanamh le rannpháirtithe. Tá na torthaí ardleibhéil a chuirtear i láthair sa bhullaitín seo bunaithe ar shonraí a rinneadh a ualú de réir aoise, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta.


Suirbhé é seo ar shampla randamach den daonra. Caithfear a ghlacadh leis, ar an ábhar sin, go mbeidh lamháil earráide éigin ann. Ríomhadh é seo de réir +/- 2.53 faoin gcéad don sampla ráithiúil. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, mar gheall go ndéantar anailís ar chomhréireanna níos lú, méadaítear an lamháil earráide. Ba cheart é seo a thabhairt chun cuimhne nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar an anailís ar íospartaigh na coireachta. **Ba cheart a thabhairt faoi deara, anuas air sin, nach mbeidh 100 faoin gcéad i gceist le suim na gcéatadán nuair a úsáidtear céatadáin mar gheall ar shlánú figiúirí.** Ar aon dul leis an modheolaíocht a úsáideadh i dTuarascáil Bhliantúil 2018, tugadh réamhanailís ar na hathróga go léir chun críche chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhréir freagairtí 'ní fios dom'. Rinneadh cinneadh ansin faoi cibé acu an raibh siad nó nach raibh siad le fágáil as an áireamh ó anailís a dhéanfar ina dhiaidh sin. Baineadh freagairtí 'ní fios dom' agus freagairtí a diúltaíodh ón anailís más ionann iad agus níos lú ná 10 faoin gcéad de na freagairtí ag gach pointe tomhais. I gcásanna nuair b'ionann freagairtí 'ní fios dom' agus 10 faoin gcéad nó ní ba mhó d'fhreagairtí freagróirí, ar an iomlán, cuirtear anailís i láthair, na freagairtí siúd san áireamh agus as an áireamh a chuirtear i láthair ar mhaithe le hiomláine. Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ar fhreagairtí 'ní fios dom'/freagairtí a diúltaíodh lena chinntiú go leantar le cáilíocht sonraí a bhaint amach.


## Déimeagrafaic

Sampla de 1,500 duine fásta atá 18 mbliana d'aois nó níos sine atá i gceist leis an sampla.








# Tuairimí faoin gCoireacht

I Ráithe 4 2019, cheap 80 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé go bhfuil coireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' – ar méadú 6 phointe céatadáin é seo aníos ón ráithe chéanna anuraidh. Idir 74 agus 80 faoin gcéad atá an chomhréir d'fhreagróirí a cheapann go bhfuil coireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' ó rinneadh na chéad chúig shuirbhé dheireanacha, cé go bhfuil treocht aníos ó Ráithe 1 2019 ag teacht ar fhreagróirí a cheapann gur 'fadhb an-tromchúiseach' í an choireacht náisiúnta. Cruthaíonn tuairimí faoin gcoireacht áitiúil íomhá a thagann salach air seo. Leanann freagróirí ag caitheamh leis an gcoireacht áitiúil mar fhadhb nach bhfuil chomh tromchúiseach le coireacht náisiúnta. I Ráithe 4 2019, cheap 21 faoin gcéad d'fhreagróirí go bhfuil coireacht ina gceantair áitiúla 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' – ar méadú 3 phointe céatadáin é seo aníos ó Ráithe 3 2019.

## Tuairimí faoin gCoireacht Náisiúnta






## Tuairimí faoin gCoireacht Áitiúil




Fadhb an-thromchúiseach  Fadhb thromchúiseach  Beagán d'fhadhb  Gan fadhb

# Íospairt




Ba é an ráta íospartha[1] 3.5 faoin gcéad[2] i Ráithe 4 2019, i gcomparáid le ráta 4.2 faoin gcéad i Ráithe 3 2019. Luaigh seachtó a ceathair faoin gcéad d'íospartaigh[3] gur thug siad an teagmhas coireachta ba dhéanaí a tharla le fios don Gharda Síochána. Is ionann seo agus laghdú 15 phointe céatadáin anuas ón ráta tuairiscithe sa ráithe chéanna in 2018. Ba é an ráta sásaimh i measc íospartaigh na coireachta i rith Ráithe 4 2019 (íospartaigh a thug a gcoir le fios do na Gardaí) agus 56 faoin gcéad, ar méadú 4 bpointe céatadáin é seo aníos ó Ráithe 3 2019 nuair ba é 52 faoin gcéad, ach tá sé sin fós níos ísle ná mar a bhí sé i Ráithe 1 agus Ráithe 2 in 2019 nuair b'ionann é agus 66 faoin gcéad. I Ráithe 4 2019, bhrath 60 faoin gcéad d'íospartaigh gur tugadh an méid ceart eolais dóibh – ar méadú 13 bpointe céatadáin é seo aníos ó Ráithe 3 2019 agus ar méadú 10 bpointe céatadáin é seo aníos ón ráithe chéanna anuraidh. **Ba cheart a thabhairt chun cuimhne gur cheart caitheamh le figiúirí a bhaineann le híospartaigh na coireachta go cáiréiseach mar gheall ar mhéid íseal an tsampla.**

*1 Áirítear leis seo bheith mar íospartach den bhuirgléireacht, goid, robáil, díobháil choiriúil, ionsaí nó calaois.*

*2 Bhí 53 freagróir thíos le híospairt le 12 mhí anuas.*

*3 Thug 39 íospartach a gcoir le fios don Gharda Síochána.*


# Buairt faoi Íospairt agus Eagla roimh Choireacht Choireacht

I Ráithe 4 2019, b'ionann an chomhréir freagróirí nach bhfuil buartha go ndéanfar íospartach na coireachta díobh agus 55 faoin gcéad (níor tháinig athrú air seo le ceithre ráithe anuas). I measc na ndaoine seo nach raibh buartha faoi íospairt, bhí 3 faoin gcéad buartha go ndéanfaí íospartach díobhála pearsanta díobh, bhí 12 faoin gcéad buartha faoi réadmhaoin a ghoid nó díobháil a dhéanamh dó agus bhí 30 faoin gcéad buartha go ndéanfaí íospairt den dá rud díobh.

Thug daichead a trí faoin gcéad d'fhreagróirí le fios nach raibh eagla ar bith orthu faoin gcoireacht go ginearálta i Ráithe 4 2019. Tá treocht aníos ag teacht ar an bhfigiúr seo ón ráithe chéanna anuraidh, nuair b'ionann agus 31 faoin gcéad é. I measc na bhfreagróirí siúd a thug le fios go bhfuil eagla orthu, bhí 'go leor eagla' ar 3 faoin gcéad agus bhí 'roinnt' eagla nó 'fíorbheagán' eagla ar 54 faoin gcéad.

I Ráithe 4 2019, thug 65 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios nár imir an eagla a bhí orthu roimh choireacht aon tionchar ar a gcaighdeán beatha – ar méadú 2 phointe céatadáin é seo aníos ó Ráithe 4 2018. Ina measc siúd a thug le fos gur imir eagla roimh choireacht tionchar ar a gcaighdeán beatha, luaigh 23 faoin gcéad gur laghdaigh sé a gcaighdeán beagán, thug 10 faoin gcéad le fios gur laghdaigh sé a gcaighdeán beatha go measartha agus thug 3 faoin gcéad le fios gur laghdaigh sé a gcaighdeán beatha go mór nó go han-mhór.


## Buairt faoi Íospairt agus Eagla roimh Choireacht





# Infheictheacht an Gharda Síochána

I Ráithe 4 2019, thug 37 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go bhfuil siad ar an eolas ar phatróil an Gharda Síochána go háitiúil – ar laghdú 4 phointe céatadáin é seo anuas ó Ráithe 2 agus Ráithe 3 2019, nuair b'ionann an figiúr seo agus 41 faoin gcéad, faoi seach. B'ionann líon na bhfreagróirí a cheap nár leor láithreacht an Gharda Síochána go háitiúil i Ráithe 4 2019 agus 55 faoin gcéad, ar méadú 2 phointe céatadáin é seo aníos ó Ráithe 3 2019, ach ar laghdú 5 phointe céatadáin é anuas ón ráithe chéanna in 2018.

## Patróil an Gharda Síochána go hÁitiúil




## Láithreacht an Gharda Síochána go hÁitiúil




# Sásamh leis an nGarda Síochána

Bhí sásamh leis an nGarda Síochána ard i gcónaí i rith Ráithe 4 2019, nuair a thug 79 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh siad 'an-sásta' nó 'sásta' leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dá bpobail áitiúla (b'ionann an figiúr seo agus 73% nuair a chuirtear na freagairtí 'ní fios' san áireamh). Idir an réimse 79 go 81 faoin gcéad ó Ráithe 4 2018 ar aghaidh atá na leibhéil sásaimh.


In Eanáir 2018, cuireadh ceithre cheist nua leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a bhaineann le tuairimí faoi iontaofacht Ghardaí i gceantair áitiúla agus caidreamh pobail an Gharda Síochána. Faoi mar a rinneadh i míreanna roimhe seo, baintear na freagairtí 'ní fios dom' agus freagairtí a diúltaíodh ón anailís más ionann iad agus níos lú ná 10 faoin gcéad de na freagairtí. Chun na sonraí a chur i láthair go cruinn, áfach, cuirtear comhréireanna a chuireann agus a fhágann freagairtí 'ní fios dom' san áireamh agus as an áireamh i láthair sa chairt 'Sásamh leis an nGarda Síochána' (a bhfuil dath dearg air) agus sa chairt 'Leibhéal Comhaontaithe' thíos.

- I Ráithe 4 2019, chomhaontaigh 82 faoin gcéad d'fhreagróirí gur féidir brath ar na Gardaí a bheith i láthair nuair is gá. Is ionann seo agus méadú 5 phointe céatadáin aníos ó Ráithe 3 2019 agus is é an figiúr is airde le cúig ráithe anuas.
- Chomhaontaigh fiche a naoi faoin gcéad d'fhreagróirí nach bhfuil caidreamh pobail an Gharda Síochána go maith, ar méadú 5 phointe céatadáin é seo aníos ó Ráithe 3 2019, ach ar laghdú 7 bpointe céatadáin é seo anuas ón ráithe chéanna in 2018.
- Bhrath tromlach na bhfreagróirí (88 faoin gcéad) go n-éisteann na Gardaí le buarthaí daoine áitiúla – ar méadú 8 bpointe céatadáin é seo aníos ón ráithe chéanna in 2018.
- Ar deireadh, chomhaontaigh 39 faoin gcéad nach bhfuil Gardaí ag déileáil le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal áitiúil, ar méadú 10 bpointe céatadáin é seo aníos ó Ráithe 3 2019.


## Sásamh leis an nGarda Síochána




## Leibhéal Comhaontaithe gan freagairtí 'ní fios dom' a chur san áireamh





## Leibhéal Comhaontaithe gan freagairtí 'ní fios dom' a chur san áireamh



# Iontaoibh as an nGarda Síochána


I rith Ráithe 4 2019, leanadh le iontaoibh ard as an nGarda Síochána a thabhairt le fios, agus thug 91 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh leibhéal iontaoibhe idir measartha agus ard acu as an nGarda Síochána. Tomhas é iontaoibh as na Gardaí nár tháinig ach athrú fíorbheagán air le roinnt suirbhéanna anuas, agus idir 89 faoin gcéad agus 92 faoin gcéad a bhí sé le cúig ráithe anuas.





# An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine

Faoi mar a thugtar faoi deara sna cairteacha thíos, cuirtear figiúirí i láthair a chuireann agus a nach gcuireann freagairtí 'ní fios dom' san áireamh. Is mar gheall ar an gcomhréir mhór d'fhreagairtí 'ní fios dom' a tugadh ar an gceist seo atá seo, go háirithe maidir leis an gceist faoi cibé acu an gcaitheann nó nach gcaitheann an Garda Síochána le daoine go cothrom. I Ráithe 4 2019, chomhaontaigh 96 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé go gcaithfeadh Gardaí leo le meas dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith (nuair a chuirtear na freagairtí 'ní fios' san áireamh san anailís, b'ionann an figiúr agus 92%). Tá an leibhéal céanna bainte amach ag an bhfigiúr seo le trí ráithe anuas. Nuair a fiafraíodh an gcaitheamh na Gardaí ina gceantar áitiúil le gach duine go cothrom gan aird ar cé atá iontu, chomhaontaigh 88 faoin gcéad d'fhreagróirí (b'ionann an figiúr seo agus 80% nuair a cuireadh freagraí 'ní fios dom' san áireamh). Tá méadú 11 phointe céatadáin tagtha ar an bhfigiúr seo ón ráithe chéanna in 2018.


### Caitheann na Gardaí le daoine le meas




### Caitheann na Gardaí le gach duine go cothrom



# Tuairimí faoi Eagraíocht an Gharda Síochána




Faoi mar a luaitear níos luaithe sa tuarascáil seo, más ionann freagairtí 'ní fios dom' agus freagairtí a diúltaíodh agus níos lú ná 10 faoin gcéad, ní chuirtear san áireamh iad san anailís. Chun na sonraí a chur i láthair go hiomlán agus go cruinn, áfach, cuirtear comhréireanna i láthair sa chairt thuas ina gcuirtear agus nach cuirtear freagairtí 'ní fios dom' san áireamh (tá na figiúirí maidir le 'ní fios dom' idir lúibíní). I Ráithe 4 2019, chomhaontaigh 93 faoin gcéad d'fhreagróirí leis an ráiteas 'Tá an Garda Síochána cairdiúil agus cabhrach'. Tá an figiúr seo ard go comhsheasmhach. Bhrath seachtó a cúig faoin gcéad d'fhreagróirí go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal. B'ionann an chomhréir a cheap go bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus céimnitheach agus 77 faoin gcéad (tá treocht aníos ag teacht air seo ó Ráithe 4 2018 ar aghaidh) agus go raibh sé éifeachtach chun dul i ngleic leis an gcoireacht, 69 faoin gcéad; cheap 65 faoin gcéad go ndéantar bainistiú maith ar an nGarda Síochána (ar méadú 14 phointe céatadáin é seo aníos ó shonraí Ráithe 4 2018). Ar deireadh, chomhaontaigh 47 faoin gcéad go gcuireann an eagraíocht seirbhís den chéad scoth ar fáil – ar méadú 4 phointe céatadáin é seo aníos ó Ráithe 3 2019. Tá feabhas réidh ag teacht ar thuairimí faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána ó 2016 agus tá an treocht seo le tabhairt faoi deara go fóill i Ráithe 4 2019 in go leor ceantar.

# Conclúid

Foilsítear torthaí an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuid an Gharda Síochána, ina ndéanann Amárach Research an obair allamuigh, agus a choimisiúnaigh an Garda Síochána, ar bhonn ráithiúil anois. Tá iarbhullaitíní agus iarthuarascálacha bliantúla ar fáil ag: www.garda.ie.

Níor tháinig aon athrú ó ráithí roimhe seo anuas ar na freagróirí a cheapann i gcónaí nach bhfuil an choireacht áitiúil chomh tromchúiseach céanna leis an gcoireacht náisiúnta. Tá treocht aníos ag teacht ar an gcomhréir freagróirí a cheapann go bhfuil coireacht náisiúnta 'an-tromchúiseach' ó Ráithe 4 2018, cé nach leanann ach beagán d'athrú ag teacht ar an bhfigiúr ina measc siúd a cheapann go bhfuil sé 'tromchúiseach' nó 'an-tromchúiseach'.

I Ráithe 4 2019, b'ionann an ráta íospartha agus 3.5 faoin gcéad, agus b'ionann an chomhréir íospartach a thug a gcoir ba dhéanaí le fios do na Gardaí agus 74 faoin gcéad. Tá méadú tagtha ar shásamh i measc íospartaigh na coireachta (56% i Ráithe 4 2019) a thug an chohir le fios do na Gardaí, ó Ráithe 3 2019 nuair b'ionann é agus 47 faoin gcéad. **Faoi mar a luadh roimhe seo, is tábhachtach a thabhairt faoi deara, mar gheall go ndéantar anailís ar chomhréireanna níos lú den sampla, méadaítear an lamháil earráide. Ba cheart é seo a chur san áireamh nuair a dhéantar scrúdú ar shamplaí d'íospartaigh na coireachta ráithiúla**.

Níor tháinig aon athrú ar an gcomhréir freagróirí nach bhfuil buartha go ndéanfar íospartach na coireachta díobh le roinnt ráithí anuas (55%). Tháinig méadú 5 phointe céatadáin ar an gcomhréir freagróirí nach bhfuil eagla orthu faoin gcoireacht go ginearálta ó Ráithe 3 2019 aníos go dtí 43 faoin gcéad agus b'ionann iad siúd a bhrath nach n-imríonn eagla roimh choireacht aon tionchar ar a gcaighdeán beatha agus 65 faoin gcéad.

B'ionann feasacht ar phatróil an Gharda Síochána i gceantair áitiúla agus 37 faoin gcéad i Ráithe 4 2019, b'ionann an céatadán daoine a cheap go raibh an leibhéal ceart de láithreacht an Gharda Síochána ann agus 45 faoin gcéad i Ráithe 4 2019, ar laghdú beag é seo aníos ó Ráithe 3 2019. Is ard i gcónaí do shásamh leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla agus tá 79 faoin gcéad 'sásta' nó 'an-sásta' leis an tseirbhís seo.

Leanann iontaoibh as an nGarda Síochána a bheith an-ard i gcónaí agus is ionann é agus 91 faoin gcéad. I Ráithe 4 2019, creideann tromlach na bhfreagróirí (96%) go gcaithfeadh Gardaí le meas leat dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith agus go gcaitheann Gardaí ina gceantar áitiúil le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin (88%). Ar deireadh, thug na leibhéil chomhaontaithe le ráitis faoi éifeachtacht agus cumas an Gharda Síochána feabhsúcháin le fios i roinnt limistéar.